Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9365/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0138(COD)**

**CODEC 808**
**TRANS 352**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta cuíchóirithe chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T) a chur i gcrích **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 17 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún an togra[1] uaidh, atá bunaithe ar Airteagal 172 CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 6 Feabhra 2019.[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Feabhra 2019[4].

[1] 9075/18 + ADD 1, 2 agus 3.
[2] IO C 62, 15.2.2019, lgh. 269–273.
[3] IO C 168, 16.5.2019, lgh. 91-100.
[4] 6220/19.

5. An 17 Meitheamh 2020, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

6. An 14 Iúil 2020, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir ina dhiaidh sin chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle go ndéanfadh sí a seasamh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach in 10537/20 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 10537/20 ADD 1 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.